

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
EARRACH, 2024

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

An tEarrach

Bhí Moya agus Pól amuigh ag siúl ag tús an earraigh. Lá fionnuar grianmhar a bhí ann.

“Is é an t-earrach an séasúr is fearr liom,” arsa Moya.

“Tagann deireadh leis an gheimhreadh fada agus tosaíonn an aimsir ag feabhsú.”

“Tá an ceart agat,” a d’fhreagair Pól. “Is breá liomsa na bláthanna a fheiceáil ag teacht amach. Bíonn lus an chromchinn le feiceáil ag fás sna gairdíní arís.”

“Agus tá sé ar dóigh, fosta, go mbíonn lá saoire bainc againn do Lá Fhéile Bríde. An bhfuil aon phlean agat don lá saoire?”

“Beidh mé ag dul ar shiúlóid fhada Dé Luain seo chugainn,” arsa Moya. “Fágfaidh mé an baile ar a naoi a chlog ar maidin agus buailfidh mé le mo chara i nGleann Cholm Cille.

Caithfidh an lá go léir amuigh faoin spéir agus beidh béile deas againn áit éigin ag deireadh an lae. Táim ag dúil go mór leis.”

Canúint Chonnacht

Am Sosa sa Chlós

Bhuail an Príomhoide, Máire, le Diarmaid ag geata na scoile ag deireadh an lae:

“Dia duit, a Dhiarmaid, ní fhaca mé thú ag am sosa” arsa Máire.

“Bhí mé ar dualgas sa chlós ag am sosa,” arsa Diarmaid. “An raibh tú ag iarraidh labhairt liom faoi rud éigin?”

“Mar a tharlaíonn sé, bhí mé ag iarraidh labhairt leat faoin gclós. Ba mhaith liom plean a dhéanamh amach don chlós.

Bíonn na páistí go léir ann ag an am céanna agus uaireanta ní bhíonn aon eagar ar an áit,” arsa Máire.

“Aontaím leat, a Mháire,” arsa Diarmaid. “B’fhiú eagar a chur ar an gclós ceart go leor. Is breá leis na Naíonáin Shóisearacha agus leis na Naíonáin Shinsearacha a bheith ag súgradh le gaineamh. Bíonn na páistí i Rang a hAon agus i Rang a Dó ag imirt cluichí clóis de ghnáth agus baineann na páistí sna ranganna sinsearacha an-sult as a bheith ag imirt cispheile ann. Dá bhféadfaimis trí spás dhifriúla a chruthú bheadh sé sin an-áisiúil.”

“Is smaoinemh iontach é sin. Go raibh míle maith agat, a Dhiarmaid!” arsa Máire.

Canúint na Mumhan

Breithlá

Bhuail Pól le hÁine sa seomra foirne maidin Dé Luain.

“Dia duit, a Áine,” ar seisean, “conas atá tú?”

“Táim go breá, a Phóil. An raibh deireadh seachtaine maith agat?”

“Bhí, go raibh maith agat,” arsa Pól. “Bhí breithlá ag m’íníon, Róise, Dé Sathairn agus bhí cóisir iontach againn.”

“Cén aois atá sí?” arsa Áine.

“Tá sí naoi mbliana d’aois. Chuamar go hionad eachtraíochta lasmuigh de chathair Chorcaí ar dtús. Tháinig triúr de chairde Róise in éineacht linn. Thaitin an dreapadóireacht bhalla go mór leo go léir. Nuair a bhí críochnaithe againn san ionad eachtraíochta chuamar amach chuig bialann. Bhí cnaipíní sicín agus sceallóga ag cuid againn agus bhí píotsa ag an gcuid eile. Tar éis an bhéile bhí cáca againn do Róise. Chanamar ‘Lá Breithe Sona Duit!’ agus thugamar bualadh bos mór dí. Bhí sí an-sona go raibh a cairde go léir ann.”

“Is cosúil go raibh an-lá agaibh, a Phóil,” arsa Áine.

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
EARRACH, 2024
Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

An tEarrach

1. Cén saghas aimsire atá ann?
2. Cén séasúr is fearr le Moya?
3. Cén bláth a bhíonn le feiceáil sna gairdíní san earrach?
4. Cén t-am a fhágfaidh Moya an teach Dé Luain seo chugainn?
5. Céard a bheidh ag Moya agus a cara ag deireadh an lae, Dé Luain?

Canúint Chonnacht

Am Sosa sa Chlós

1. Cá raibh Diarmaid ag am sosa?
2. Cén fáth a bhfuil Máire ag iarraidh plean a dhéanamh amach don chlós?
3. Céard leis a mbíonn na Naíonáin Shinsearacha ag súgradh?
4. Céard a bhíonn ar siúl ag na páistí i Rang a hAon agus i Rang a Dó sa chlós?
5. Céard a imríonn na ranganna sinsearacha sa chlós?

Canúint na Mumhan

Breithlá

1. Cár bhuail Pól le hÁine?
2. Cén aois atá ag Róise?
3. Cé mhéad de chairde Róise a chuaigh chuig an ionad eachtraíochta?
4. Cén ghníomhaíocht a thaitin leis na leanaí ag an ionad eachtraíochta?
5. Céard a bhí acu tar éis an bhéile?